

Tá **Feidhmeannach Forbartha Gnó** á lorg ag an gcomhlacht léirithe spóirt **Nemeton TV**. Beidh an té a cheapfar lonnaithe sa Rinn i gCo. Phort Láirge agus bheadh Gaeilge labhartha ina bhuntáiste.

Léargas gairid ar na gnáthdhualgais:

- Cliaint nua a aimsiú.
- Margáí tráchtála a ullmhú agus iad a chur i gcrích go rathúil.
- Dul i mbun teagmhála le léiritheoirí lena chinntiú go bhfuil an léiriú á chur i bhfeidhm de réir mhianta an chliaint.
- Caidrimh láidre a fhorbairt le cliaint.
- Forbairtí táirgí nua a chur in iúl do chliaint.
- Cuidiú le hábhar margaíochta agus straitéis a chruthú chun é sin a sheachadadh.
- Súil a choinneáil ar idirghníomhaíochtaí cliant.

Riachtanach:

Scileanna pleanála airgeadais agus tuiscint mhaith ar chúrsaí gnó, chomh maith le heolas ar chúrsaí margaíochta atá de dhíth.

- Tuiscint mhaith ar chúrsaí gnó.
- Bainistíocht mhaith ama agus an cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh.
- Dearcadh thar a bheith dearfach.
- An cumas spriocanna a leagan síos agus a bhaint amach.

Cáilíochtaí agus Taithí:

Taithí cúig bliana ar a laghad ag obair i ról forbartha tráchtála nó gnó.

Tréithe Pearsanta

- Teastóidh scileanna láidre cumarsáide agus idirphearsanta.
- Scileanna eagrúcháin den scoth.
- A bheith tugtha don spórt.

Seol CV agus litir chumhdaigh chuig: hr@nemeton.ie roimh **Dé hAoine, 14ú Bealtaine 2021**.

Eolas breise le fáil ag www.nemeton.ie